Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2022
(OR. en)

5451/22

COPS 25
POLMIL 10
EUMC 19
CIVCOM 6
CFSP/PESC 50
CSDP/PSDC 26
CONUN 18

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5269/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile: tosaíochtaí 2022-2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile: tosaíochtaí 2022-2024, arna bhformheas ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Eanáir 2022.

**Conclúidí ón gComhairle
maidir leis an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile: Tosaíochtaí 2022-2024**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a dhiantiomanta atá an tAontas agus a Bhallstáit seasamh leis an ord domhanda iltaobhach riailbhunaithe agus na Náisiúin Aontaithe (NA) ina chroílár, i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe. Molann an Chomhairle an méid atá bainte amach agus aithníonn sí a mhéid a théann an comhar atá ar bun idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach le fada an lá i ndáil leis an tsíochánaíocht agus le bainistiú géarchéime sibhialta, póilíneachta agus míleata, chun tairbhe do chách. I ngeall ar an gcomhthéacs domhanda atá ag athrú agus a shainítear le géarchéimeanna atá ag éirí níos casta agus timpeallacht bhagartha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, tá gá le freagairt uaillmhianach, ilghnéitheach agus chomhchoiteann chun go mbeidh an chomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime ina chroílár ag iltaobhachas athnuaite líonraithe.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an ghné síochána agus slándála den tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal Our Common Agenda [Ár gClár Oibre Comhchoiteann], ina moltar 'clár oibre nua don tsíocháin' agus, i measc moltaí tábhachtacha eile, ina gcuirtear chun suntais an gá atá le borradh a chur faoi chomhpháirtíochtaí. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach chun an clár oibre sin agus na príomhréimsí arna sainaithint ann – (1) rioscaí straitéiseacha a laghdú, (2) fadbhreathnaitheacht idirnáisiúnta a neartú, (3) ár bhfreagairtí a athstruchtúrú, (4) infheistíocht a dhéanamh i gcosc agus i gcothú na síochána, (5) tacú le cosc réigiúnach agus (6) mná/cailíní a chur i gcroílár an bheartais slándála – a thabhairt ar aghaidh. An chomhpháirtíocht sin leis na Náisiúin Aontaithe, cuidíonn sí leis an Aontas agus é ag feidhmiú mar sholáthróir slándála, ag iarraidh an tsíocháin agus an tslándáil a chur i réim ar fud an domhain, agus ag tacú dó, ag an am céanna, le hiltaobhachas éifeachtach. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé cruinnithe rialta idir ceannairí an Aontais agus ceannairí na Náisiún Aontaithe a chur ar bun. Cuireann an tAontas Eorpach tacaíocht pholaitiúil ar fáil do na Náisiúin Aontaithe chomh maith le saineolas, tacaíocht airgeadais agus ceannas polaitiúil i dtaca le sainorduithe na Náisiún Aontaithe. Bíonn an dlúthchomhar ina chuidiú ag misin agus oibríochtaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais chun gníomhú ar bhealach níos éifeachtaí chun tionchar ar an láthair a áirithiú; bíonn éifeacht iolraitheora ag an gcomhar sin agus cuireann sé ar chumas an Aontais a chur chuige comhtháite a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le rannchuidiú an Aontais leis an iltaobhachas

riailbhunaithe[1] a neartú agus is díol sásaimh di go háirithe go n-iarrtar inti tacú le Tionscnamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Gníomhaíocht le haghaidh na Síochántaíochta' tríd an gcomhpháirtíocht idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a nuashonrú. Is mór ag an Aontas an chomhpháirtíocht seo agus oibreoidh sé chun aontacht idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a léiriú sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear trí ráitis chomhpháirteacha ardleibhéil de réir mar is iomchuí. Athdhearbhaíonn sí a thuilleadh a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúthchomhar Eorpach i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an chomhpháirtíocht straitéiseach idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas i ndáil le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a athnuachan agus a dhoimhniú agus formhuiníonn sí tosaíochtaí comhroinnte an Aontais agus na Náisiún Aontaithe do 2022-2024[2]. Is díol sásaimh di raon feidhme leathnaithe na dtosaíochtaí darb aidhm freagairt ar bhealach níos éifeachtaí ar thimpeallacht bhagartha atá ag teacht chun cinn, ar dhúshláin thrasearnálacha agus ar iolraitheoirí géarchéime amhail an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil, bagairtí nua agus bagairtí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha agus mífhaisnéis chomh maith le paindéim dhomhanda COVID-19 agus na hiarmhairtí a bhaineann leis sin. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an nasc idir an t-athrú aeráide, an tsíocháin agus an tslándáil á bpríomhshruthú ar fud thosaíochtaí comhpháirteacha na Náisiún Aontaithe agus an Aontais.

4. Ag aithint di an príomhról a bhíonn ag réitigh pholaitiúla agus creataí polaitiúla chun an tsíocháin agus an tslándáil a chur ar fáil i suíomhanna misean, aithníonn an Chomhairle gur gá gné pholaitiúil na comhpháirtíochta idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas a neartú a thuilleadh agus comhar a fheabhsú maidir le coinbhleachtaí a chosc in oibríochtaí síochána agus maidir le tacú le próisis pholaitiúla trí úsáid níos fearr a bhaint as bosca uirlisí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, go háirithe trí luathrabhadh a aistriú ina luathghníomhaíocht agus tacú leis an tsíocháin inbhuanaithe, lena n-áirítear trí níos mó anailísí comhpháirteacha agus teachtaireachtaí comhpháirteacha.

[1] 6312/2021.
[2] 14196/1/21 REV 1, dar dáta an 10 Nollaig 2021.

5. Athdhearbhaíonn an Chomhairle uilíocht agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha agus is díol sásaimh di an aird bhreise atá á tabhairt do chearta an duine agus an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn ar fud thosaíochtaí an Aontais agus na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear an fócas sonrach ar chomhlíonadh a neartú agus ar an gcomhrac i gcoinne saoirse ó phionós. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór an foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac agus a chosc, agus déanamh amhlaidh i gcás teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach freisin. Cuireann sí i dtreis an tábhacht a bhaineann le sibhialtaigh a chosaint i dtimpeallacht na n-oibríochtaí idirnáisiúnta síochána atá ag síorathrú. Aithníonn sí freisin a ábhartha atá cosaint na hoidhreachta cultúrtha i gcásanna géarchéime agus coinbhleachta.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle leanaí agus coinbhleacht armtha a áireamh mar thosaíocht thrasearnálach, agus cuireann sí i bhfios go láidir nach mór iarrachtaí agus comhar a fheabhsú agus a chomhordú ag an gceanncheathrú agus ar na leibhéil oibríochtúla chun deireadh a chur le sáruithe in aghaidh leanaí agus chun a leithéidí a chosc agus chun cabhrú le timthriall an fhoréigin a bhriseadh agus cearta uile an duine a chur chun cinn agus a chosaint.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle, mar thosaíocht thrasearnálach, an aird bhreise ar rannpháirtíocht daoine óga in ábhair a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil agus cuimsiú an chláir oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil agus iarrann sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun é a chur i ngníomh.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an tiomantas d’fheabhas a chur ar an gclár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (WPS) agus ar an gcomhionannas inscne mar thosaíochtaí trasearnálacha agus d’idirphlé leanúnach maidir le WPS agus comhionannas inscne ar gach leibhéal, ón leibhéal polaitiúil go dtí an leibhéal oibríochtúil. Dírítear leis an gclár oibre trasearnálach sin ar an tionchar ríthábhachtach a bhíonn ag mná chun réitigh a shainaithint bunaithe ar a dtaithí agus ar a gcás, agus ar ghné inscne a chur i bhfeidhm maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a fhreagairt. Iarrann sí go ndéanfaí iarracht bhreise chun dlús a chur le hoibríochtú an ghealltanais pholaitiúil sin trí chomhar a neartú ar an leibhéal allamuigh, lena n-áiritheofar príomhshruthú inscne córasach i ngach gníomhaíocht chomh maith le rannpháirtíocht mhéadaithe agus ról feabhsaithe na mban in oibríochtaí síochána, i bpróisis síochána agus pholaitiúla, i gcosc coinbhleachtaí, in idirghabháil agus i gcothú na síochána. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar bhanchosantóirí chearta an duine agus bantógálaithe síochána a chosaint agus ar aghaidh a thabhairt ar bhagairtí, ar chiapadh, ar fhoréigean agus ar fhuathchaint ina n-aghaidh.

9. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhar oibríochtúil córasach ar leibhéal na gceanncheathrúna agus ar an leibhéal allamuigh, agus feabhas a chur ar an gcomhar sin, d'fhonn comhlántacht agus sineirgí a áirithiú agus d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht mhisin agus oibríochtaí an Aontais agus na Náisiún Aontaithe faoi seach a mhéadú, lena n-áirítear trí shócmhainní a roinnt agus tacaíocht mhisin a chur ar fáil ar bhonn an Chomhaontaithe Réime idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe maidir le soláthar tacaíochta frithpháirtí[3]. Iarrann sí go ndéanfaí iarrachtaí breise chun comhpháirtíochtaí frithpháirteacha a threisiú, lena n-áirítear inter alia i bhforbairt na gcumas sibhialta, trí chomhshocrú sibhialtach an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta, agus i bhforbairt acmhainní míleata. Is díol sásaimh di an bhéim mhéadaithe ar ghnéithe a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a chomhtháthú in anailís agus i sásraí luathrabhaidh agus sa phleanáil oibríochtúil, san iompar oibríochtúil agus sa lóistíocht.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair chomhpháirteach leanúnach atá ar bun faoi láthair ag na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas maidir le haistrithe agus an gealltanas an méid sin a chur ar aghaidh a thuilleadh, trína shainaithint conas comhlántacht a ghníomhú ar leibhéal na tíre agus ar an leibhéal réigiúnach le linn phleanáil agus chur i gcrích aistriú mhisin agus oibríochtaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais, d'fhonn inbhuanaitheacht a bhfuil bainte amach acu a áirithiú.

11. Aithníonn an Chomhairle gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar chomhar níos fearr idir Ballstáit an Aontais darb aidhm feabhas a chur ar éifeachtacht agus intuarthacht a dtacaíochta agus a rannchuidiú le hoibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe agus le Tionscnamh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal Gníomhaíocht le haghaidh na Síochánaíochta Plus. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an smaoineamh módúlachtaí a mholadh le haghaidh córais uainíochta neamhfhoirmiúla de chuid an Aontais chun tacú le síochánaíocht na Náisiún Aontaithe, le hoibríochtaí aistrithe mearfhreagartha, le haistrithe, agus le hathshannadh.

12. Molann an Chomhairle a bhfuil bainte amach maidir le póilíneacht agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun comhpháirtíocht a fheabhsú maidir le hAthchóiriú na hEarnála Slándála (AES) agus, i gcás inarb ábhartha, gnéithe de Dhí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh iarchomhraiceoirí (DDR), chomh maith le bainistiú armán agus armlón (WAM) chun dul i ngleic le leathadh aindleathach mionarm agus arm éadrom agus a n-armlón.

---

[3] Comhaontú Réime idir an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe maidir le soláthar tacaíochta frithpháirtí i gcomhthéacs a gcuid misean agus a gcuid oibríochtaí allamuigh faoi seach. *IO L 389, 19.11.2020.*

13. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmíocht oibríochtaí síochána ar an láthair trí chomhar neartaithe córasach maidir le hoiliúint agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear freachnaimh, chomh maith le ceachtanna ábhartha agus dea-chleachtais a roinnt, agus is díol sásaimh di comhar agus fothú acmhainneachta níos dlúithe sa chomhthéacs sin.

14. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leanúnach idir an tAontas, na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Afracach, agus le heagraíochtaí réigiúnacha eile, tionscnaimh fhoréigiúnacha shonracha agus na tíortha comhpháirtíochta ábhartha i gcomhthéacs an chórais iltaobhaigh fhoriomláin agus iarrann sí go bhféachfaí ar thionscnaimh nithiúla chomhpháirteacha a d'fhéadfaí a dhéanamh san fhormáid thríthaobhach.

15. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé sineirgí a áirithiú le heagraíochtaí ábhartha eile a fheidhmíonn sa limistéar céanna, go háirithe eagraíochtaí réigiúnacha slándála agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais.